



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014

STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

Scrúdú scríofa: 400 marc

An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 - 4.50

Treoracha d'iarrthóirí:

Freagair na Ranna 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 3)

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 2, 4, 5, 6.

Freagair topaic amháin as an roinn seo.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair dhá thopaic as an roinn seo.

ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

Éire: Topaic 3

Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

An idirbheartaíocht don Chonradh, Deireadh Fómhair-Nollaig, 1921

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

1. (a) De réir dhoiciméad A, conas a thaistil an scríbhneoir de ghnáth?
(b) Cá háit ar tharla an tsiamsaíocht a bhfuil cur síos uirthi i ndoiciméad B?
(c) Cén cineál cairpéid a bhí ar an traein, de réir dhoiciméad A?
(d) De réir dhoiciméad B, cad ab fhearr le grúpa Uí Choileáin?
(e) Cén ról a ghlac Kathleen McKenna san idirbheartaíocht faoin gConradh i Londain?
- (40)
2. (a) De réir dhoiciméid A agus B, an raibh béis i gceist ar an dá ócáid?
Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.
(b) Cé acu a tharla ar dtús, an turas i ndoiciméad A nó an tsiamsaíocht i ndoiciméad B?
Tabhair fáth le do fhreagra.
- (20)
3. (a) Conas a léirítear i ndoiciméad A go raibh an scríbhneoir ag taisteal i dtraein ‘speisialta’?
(b) I ndoiciméad B, conas a dhéanann an scríbhneoir iarracht dhá thaobh de charachтар Uí Choileáin a léiriú?
- (20)
4. Cén pháirt a ghlac Art Ó Gríofa agus/nó Micheál Ó Coileáin san idirbheartaíocht faoin gConradh i Londain, Deireadh Fómhair-Nollaig, 1921?
- (20)

- Doiciméad A -

Sa sliocht coimrithe seo déanann Kathleen McKenna, a chuaigh go Londain mar dhuine de na rúnaithe le toscaireacht an Chonartha, cur síos ar chuid den turas ansin.

Bhí traein speisialta, í ullamh chun gluaiseachta, ag fanacht linn in Holyhead chun muid a thabhairt go Londain. B'iontach an rud a bheith ag taistéal ar thraein speisialta, traein mar a bheadh in áirithe do rítheaghla.

Ba sa tríú grád ba ghnách liomsa taistéal i gcónaí. Anois bhí mé ag taistéal faoi shó i gcarráiste fairsing a raibh macasamhla de na Máistrí ar crochadh ann, cathaoireacha uillinn a bhí domhain ann agus toilg ollmhóra agus deasca scribhneoireachta. Bhí rugáí ón Oirthear mar chairpéid air.

Cuireadh lón fiorbhlasta ar fáil.

- Doiciméad B -

Déanann Kathleen McKenna cur síos anseo ar eachtra a tharla ag siamsaíocht tráthnóna ag Hans Place i Londain, le linn na hidirbheartaíochta faoin gConradh.

Nuair a bhí an féasta faoi lán seoil, tháinig Micheál Ó Coileáin agus daoine eile isteach. Grúpa sona spleodrach a bhí iontu arbh fhearr leo pleidhcíocht ná foirmiúlacht.

Níl a fhios agam conas a tharla sé, ach i dtosach báire thosaigh siad ag caitheamh cúisíní, ansin na horáistí táinséirín agus na húlla agus na cnónna ón mbord.

Bhí a fhios againn ar fad faoi charactar pléascánta Uí Choileáin. Ach, ar an taobh eile, tá a fhios agam go cinnte gur fhág sé Cadogan Gardens gach maidin le linn na hidirbheartaíochta faoin gConradh, chun freastal ar an Aifreann.

Foinsí: An dá dhoiciméad tógha as Kathleen Napoli McKenna, ‘In London, with the Treaty Delegates: Personal Recollections’, ‘*The Capuchin Annual*’, (Dublin, Capuchin Friary, 1971).

ROINN 2: ÉIRE
Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos.

Éire: Topaic I
Éire agus an tAontas, 1815-1870

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Le linn dó a bheith i bPort Láirge chun tacaíocht a thabhairt dá iarrthóir, Villiers Stuart, i dtoghchán na bliana 1826, stop Dónall Ó Conaill ag Coill Mhic Thomáisín, ar le muintir Beresford é - dream a bhí san iomaíocht leo. Is sliocht coimrithe é seo óna litir chuig a bhean chéile. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Bhí bricfeasta againn i gCoill Mhic Thomáisín, baile ar le muintir Beresford é ach gur linne na daoine. Tháinig siad amach agus craobhacha glasa acu chun bualach linn agus ní chreidfeá ach an bhéicil a bhí acu.

Thug mé aitheasc dóibh (labhair mé go fuinniúil leo) ó fhuinneog an ósta agus rinneamar an-chuid gáire faoi na diabhal sin de mhuintir Beresford.

Nuaire a smaoinníonn tú air, caithfidh sé go bhfuil an-mheas ag an bpobal ar an ngluaiseacht seo againne, nuair a cuireadh an oiread sin fáilte romhainn sa bhaile Beresford seo – agus gach uile fhearr ina thionóntha acusan.

1. Cá háit ar stop Ó Conaill ar a bhealach go dtí Port Láirge?
2. Cén sórt fáilte a cuireadh roimh Ó Conaill?
3. As cén áit ar labhair Ó Conaill leis an slua?
4. Cén bealach ina raibh Coill Mhic Thomáisín ina ‘bhaile Beresford’?
5. Cad a bhain Dónall Ó Conaill amach faoi dheireadh in 1829?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Tuath na hÉireann in 1815.
2. Charles Trevelyan agus an Gorta Mór.
3. Leasuithe rialtas na Liobrálaithe.
4. An Fíníneachas.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuaigh Dónall Ó Cónaill i mbun feachtais ar son Aisghairm Acht an Aontais?
2. Cad a chuir William Dargan leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí in Éirinn?
3. Cad a chuir William Carleton agus/nó Tomás Dáibhis le cultúr na hÉireann?
4. Cad iad na cinntí maidir leis an Eaglais Chaitliceach in Éirinn a rinneadh ag Sionad Dhurlais, 1850?

Éire: Topaic 2
Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Tráchtann an sliocht coimrithe seo ar stair luath CLG. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

I mbailte ar fud na tíre ba iad na freastalaithe siopa a bhí mar chroíghrúpa sna clubanna ba rathúla. Bhí clubanna a raibh baint acu le gnó na grósaeireachta agus na dtithe tábhairne in uachtar i mblianta tosaigh CLG i mBaile Átha Cliath.

Fir bheáir ba mhó a bhí i gclub na Ropairí. I Sráid Chorcaí a bhí a gceanncheathrú, i dteach tábhairne Sheáin Uí Chonaill (John Connell), duine de na himreoirí ba mhó le rá sa chlub.

Ba ó ghnó na héadaitheoireachta ba mhó a tarraingiodh na himreoirí i gclub Charles Kickham. Ó shiopai éadaí Shráid Anraí ba mhó a tháinig siad.

Foinse: M. Cronin, W. Murphy agus P. Rouse (eagarthóirí), *The Gaelic Athletic Association*, (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 2009).

1. Cén cineál daoine a bhí mar chroíghrúpa ag na clubanna sna bailte ar fud na tíre?
2. Cén tseirbhís a chuir Seán Ó Conaill (John Connell) ar fáil do na Ropairí?
3. Cén sórt duine a d'imir le club Charles Kickham den chuid ba mhó?
4. Cá raibh imreoirí club Kickham lonnaithe?
5. Conas a chuir Micheál Ó Cíosóg (Michael Cusack) le CLG?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Toghcháin 1885 agus 1886.
2. Isabella Tod.
3. Edward Carson.
4. An Chomharghluaiseacht.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a chuir Micheál Mac Daibhéis agus/nó Charles Stewart Parnell leis an gcorraíl faoi chúrsaí talún agus le leasú ar chóras na talún?
2. Cad a chuir Dubhghlas de hÍde agus/nó W.B. Yeats le saol cultúrtha na hÉireann?
3. Cén tionchar a bhí ag James Larkin ar chúrsaí na bliana 1913 i mBaile Átha Cliath?
4. Cad iad na bealaí inar éirigh le John Redmond agus inar theip air ina ghníomhréim pholaitiúil?

Éire: Topaic 4
Diaspóra na hÉireann, 1840-1966

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Pléann an sliocht coimirthe seo an lón imirceach Éireannach a bhí ag teacht go Learpholl le linn an Ghorta agus ina dhiaidh. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

De bhri go raibh Learpholl réasúnta gar d'Éirinn, bhí an chathair seo le bheith ina lárionad tábhachtach d'imircigh le linn an naoú haois déag. Ba i lár na cathrach nó i gceantar na ndugai sa chathair ba mhó a chónaigh na hÉireannaigh. Chomh maith leis sin, bhí Learpholl mar phríomhchalafor fágála do neart Éireannach a bhí ag iarraidh seoladh trasna an Atlantaigh go Meiriceá.

In 1846, mar shampla, tháinig breis agus 280,000 Éireannach go Learpholl agus tháinig timpeall 300,000 an bhliain dár gcionn. Tháinig sluaite breise imirceach ina dhiaidh sin, rud a d'fhág go meastar go raibh 850,000 Éireannach tagtha go Learpholl idir 1849 agus 1853.

Bhí sé mar aidhm ag formhór na nÉireannach a tháinig go Learpholl gluaiseacht ar aghaidh go Meiriceá ach meastar nár éirigh ach le níos lú ná a leath acu é sin a dhéanamh. Mar thoradh air sin, bhí níos mó daoine a rugadh in Éirinn i Learpholl faoin mbliain 1851 ná mar a bhí i gCorcaigh. In ainneoin gur lean an imirce go Meiriceá, ba dhaoine a rugadh in Éirinn iad an cheathrú cuid de dhaonra Learphoill deich mbliana ina dhiaidh sin, lón a bhí an-mhór ar fad.

Foinse: Stephen Moore, *Gaelic Games and the Irish Diaspora in London*, (Cúil Raithin: University of Ulster, 2010).

1. Cén fáth ar tharla sé gur fhás Learpholl mar lárionad tábhachtach d'imircigh as Éirinn?
2. Cá mhéad imirceach Éireannach a tháinig go Learpholl in 1847?
3. Cén cion de na himircigh Éireannacha i Learpholl a ghluais ar aghaidh go Meiriceá?
4. Faoin mbliain 1851, bhí níos mó daoine a rugadh in Éirinn i Learpholl ná mar a bhí i cén chathair in Éirinn?
5. Luigh fáth amháin a ndeachaigh an oiread sin daoine ar imirce as Éirinn sna 1840idí.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. CLG agus diaspora na hÉireann.
2. An tArdeaspag Daniel Mannix.
3. Mothú frith-Éireannach sa Bhreatain agus sna Stáit Aontaithe.
4. John F. Kennedy.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na dálaí a bhí roimh imircigh Éireannacha ag Grosse Isle?
2. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag de Valera i Meiriceá (Meitheamh, 1919-Nollaig, 1920) agus cé chomh maith agus a d'éirigh leis iad a bhaint amach?
3. Cad iad na deacrachtaí a bhí roimh Mhisean an Spioraid Naoimh go dtí an Nigéir idir 1945 agus 1966?
4. Conas a chuir an tEaspag Edward Galvin agus/nó an Mháthairab Mary Martin le diaspora na hÉireann?

Éire: Topaic 5
An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht coimirthe seo déanann an *Daily Mail* cur síos ar an drochstaid ina raibh Béal Feirste le linn an dara seachtain de stailc Chomhairle Oibrithe Uladh (Ulster Workers' Council) (Bealtaine 1974). Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ní féidir leat ubh a bheith agat don bhricfeasta, nó bagún – tá na sealfeanna folamh.
Ní féidir leat deoch the a ullmhú mar nach bhfuil aon leictreachas ann.
Ní féidir leat dul ar bhus mar nach bhfuil aon cheann ann.
Ní féidir leat litir a phostáil mar nach sroichfidh sí ceann scribe.
Tá peitreal chomh gann sin go bhfuil roinnt daoine ag iarraidh a gcuid carranna a rith ar chaolaitheoirí péinte.*

1. Conas a chuir an stailc isteach ar ullmhú bia nó dí?
2. Conas a chuir sí isteach ar iompar poiblí?
3. Conas a chuir sí isteach ar chumarsáid?
4. Conas a d'fhreagair roinnt gluaisteánaithe príobháideacha don ghanntanas peitrial?
5. Cén chéim a thug Brian Faulkner, 27 Bealtaine 1974, mar fhreagairt ar an stailc?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conn agus Patricia McCluskey.
2. Dearbhú Shráid Downing, 1993.
3. Ian Paisley.
4. Freagairtí cultúrtha do na “Trioblóidí”.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na príomhchuntair a bhain le Comhaontú Sunningdale?
2. Conas a d'eascair míshuaimhneas as gníomhaíochtaí Phrintísigh Dhoire sa chathair sin?
3. Cad iad na hargóintí a bhí ann ar son agus i gcoinne an ollscoil nua a bheith suite i gCúil Raithin?
4. Conas a d'fhreagair John Hume agus/nó Margaret Thatcher do na “Trioblóidí” i dTuaisceart Éireann?

An ríaltas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Tagraíonn an slíocht coimirthe seo as doiciméad faisnéise de chuid an CIA, roimh chuairt an Uachtaráin John F. Kennedy ar Éirinn (Meitheamh 1963), don Taoiseach, Seán Lemass. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Tá sé éirimíúil agus glic, agus is riarthóir éifeachtúil é a oibríonn go crua. Cé go bhfuil pearsantacht tharraingteach aige agus bealach cairdiúil leis, deirtear gur féidir leis a bheith an-ghangaideach ina leith siúd a bhí maslach leis.

De réir roinnt tuairisci, níl sé i gcoinne feidhm a bhaint as pátrúnacht pholaitiúil chun rudai a chur i gcrích.

Is cearrbhach ceart críochnaithe é agus, mar thoradh air sin, bhí deacrachtaí móra airgid aige ó am go chéile.

1. De réir an doiciméid, cén cineál riarthóra a bhí i Lemass?
2. Conas a mholtar Lemass?
3. De réir an doiciméid, cén fáth a mbíodh Lemass sásta feidhm a bhaint as pátrúnacht pholaitiúil?
4. De réir an doiciméid, cén fáth a mbíodh deacrachtaí airgid ag Lemass uaireanta?
5. Conas a rinne Seán Lemass iarracht an caidreamh le Tuaisceart Éireann a fheabhsú?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scriobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An pháirt a ghlac Éire sna Náisiúin Aontaithe.
2. Athruithe ar chúrsaí oideachais in Éirinn, 1949-1989.
3. An tArdeaspag John Charles McQuaid.
4. Sylvia Meehan.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén t-ábhar a bhí sa Chéad Chlár um Fhorleathnú Eacnamaíoch, 1958-1963?
2. Cén tionchar a bhí ag RTÉ ar shochaí na hÉireann idir 1962 agus 1972?
3. Conas a bhí tionchar ag CEE ar fhorbairt iascach na hÉireann?
4. Conas a d'fhreagair Seán Ó Loingsigh (Jack Lynch), mar Thaoiseach, do na dúshláin a bhí roimh a ríaltas?

ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic I
An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871*

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Déanann an slíocht coimrithe seo cur síos ar chuid de phlean Haussmann le cuma nua a chur ar chathair Pháras. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiadh.

An chéad chéim eile i bplean Haussmann ná an chathair a roinnt ina arrondisements, nó i limistéir. Rinneadh an cinneadh Páras a roinnt sna limistéir nua seo in 1853 ag an am céanna leis an gcinneadh cuma iomlán nua a chur ar an gcathair. Chiallaigh an pleán go raibh scrios i ndán do cheantar an tseanbhaile i lár na cathrach agus go mbeadh ceantar mór nua le tógáil ina áit.

Bhí dhá cheann déag de limistéir i gceist sa bhunphlean, ach in 1860 cruthaiodh fiche limistéar. Thosaigh na limistéir seo sa lár ar bhruach na Séine agus leath siad amach uaidh sin ina mbíseanna. Agus an chathair anois roinnte ina arrondisements, bhí gá le córas nua uisce agus séarachais.

Nuair a tosaíodh ar an bPáras nua seo a thógáil, bhí lár na cathrach fós ag brath ar ghréasán meánaoiseach séarach. Le cabhair óna phríomhínnealtóir, Eugene Belgrand, thosaigh Haussmann in 1857 ar chóras nua séarachais a thógáil, ceann a bheadh in ann glacadh leis an méid mór fuíolluisce ag teacht ón gcathair agus é a scaoileadh isteach sa tSéin síos an abhainn ó Pháras.

Foinse: www.arthistoryarchive.com

1. Cén focal Fraincise a tugadh ar na limistéir i bPáras?
2. De réir phlean Haussmann, cad a tharla do cheantar an tseanbhaile i lár na cathrach?
3. Tar éis 1860, cá mhéad limistéar inar roinneadh an chathair?
4. Cé a chabhraigh le Haussmann córas nua séarachais a thógáil?
5. Ainmnigh foirgneamh suntasach amháin a tógadh mar chuid de phlean Haussmann.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Clemens Metternich.
2. An seirfechas sa Rúis.
3. Otto von Bismarck.
4. Forbairtí san eolaíocht, 1815-1871.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na réitigh a thraig Karl Marx agus/nó Mikhail Bakunin ar fhadhbanna na sochaí?
2. Cad iad na dálaí oibre a thug Robert Owen isteach ina shráidbhaile eiseamláireach ag New Lanark?
3. Cén tionchar a bhí ag Feargus O'Connor ar chúrsaí na Breataine?
4. Cad a chuir Giuseppe Mazzini le céimeanna i dtreo aontas na hIodáile?

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2
Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Taispeánann an pictiúr atá marcáilte le Y ar leathanach 15 póstaer de chuid na hAireachta Muinisean ó 1918 inar iarradh breis oibrithe mná do thionscal na n-eitleán. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cathain a eisíodh an póstaer agus cé a d'eisigh é?
2. Cad a bhí ag teastáil, dar leis an bpóstaer?
3. Cé orthu a raibh an póstaer dirithe?
4. Cad iad na dreasachtaí a tairgeadh?
5. Ar choinnigh formhór na mban sa líon saothair le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda a gcuid post tar éis an chogaidh? Mínigh do fhreagra go hachomair.

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Frith-Ghiúdachas sa Rúis.
2. Marie Curie.
3. An tSeirbia mar mhol iomaíochta na Mór-Chumhachtaí.
4. Páirt Woodrow Wilson i ngníóthaí na hEorpa.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh rathúil agus a bhí polasaí eachtrach Bismarck?
2. Cad iad na príomhfhorbairtí a bhain le hairgeadh agus le stair luath an ghluaisteáin?
3. Cad a d'fhoghlaím tú faoin gCéad Chogadh Domhanda ón staidéar a rinne tú ar Wilfred Owen?
4. Conas a bhí tionchar ag gníomhaíochtaí Rosa Luxemburg ar imeachtaí sa Ghearmáin?

An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 3
Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad.

Sa sliocht coimrithe seo is cuimhin leis an starai, Edgar Feuchtwanger, le linn dó a bheith ina bhuaachaill ag fás aníos in München, a bheith ina chomharsa ag Hitler. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiadh.

I 1929, nuair a bhí mé cùig bliana d'aois, tháinig Hitler chun cónaithe in árasán mó: tuairim agus 100 slat ón áit a raibh mé féin i mo chónai le mo thuismitheoirí in árasán den chineál céanna ar Grillparzer Strasse.

Bhiodh Hitler faoi éide beagnach i gcónai. Bhí a chuid gardaí cosanta SS tar éis seilbh a ghlacadh ar an árasán iochtair ina bhloc siúd. Bhiodh trí charr fhada de dhéanamh Mercedes páirceáilte le hais an chosáin.

Go tobann thagadh na tiománaithe amach agus thosaídís na hinnill. Amach le gardaí cosanta na léinte dubha, a gcuid bróga mileata ag cleatráil ar an gcosán.

Ansin thagadh an Führer féin amach, agus dhéanadh cúirtéis thapa lena lámh. Shuíodh sé ar an suiochán taobh le tiománaí an chéad chairr agus ghluaiseadh na carranna chun siúil i ndiaidh a chéile agus mórán torainn acu.

Foinse: *History Today*, (Londain, Andy Patterson, Meitheamh 2012).

1. Cén bliain inar bhog Hitler isteach san árasán i München?
2. Conas a bhíodh Hitler gléasta de ghnáth?
3. Conas a bhíodh na gardaí cosanta gléasta?
4. Cén ceann de na carranna Mercedes ina dtáisteaíodh Hitler?
5. Cén tarlú eacnamaíochta i 1929 a chabhraigh le Hitler teacht i gcumhacht?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Vladimir Ilyich Lenin.
2. An caidreamh idir eaglais agus stát san Iodáil faoi Mussolini.
3. Stát Vichy.
4. An tUileloscadh.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a bhí sna Slógaí Nüremberg agus cén tábhacht a bhain leo?
2. Conas a chuaigh seóthrialacha Stailín (Stalin) i gcion ar an saol san Aontas Sóivéadach?
3. Cad a chuir Bing Crosby agus/nó Charlie Chaplin le domhan an raidió agus an chineama?
4. Cé chomh héifeachtach agus a bhí Winston Churchill mar cheannaire ar an mBreatain le linn an Dara Cogadh Domhanda?

An Eoraip agus an domhan móir: Topaic 4
Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht coimirthe seo, cuimhníonn Nikita Khrushchev, a thug cuairt ar an mBreatain i 1956, ar an gcruiinniú a bhí aige leis an mBanríon Eilís II. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

An lá ina dhiaidh sin, bhí coinne againn chun cuairt a thabhairt ar an mBanríon Eilís. Bhí sé ráite againn leis an bPríomh-Aire Eden go mbeadh sé sin ceart go leor dá mbeadh an Bhanríon sásta glacadh linn agus muid gléasta inár gcultacha gnó. Ní rabhamar chun gléasadh i gcótaí eireaballacha agus hataí arda.

Bhual an Bhanríon linn nuair a thángamar isteach sa phálás. Bhí a fear céile agus beirt dá cuid páistí in éineacht léi. Thug sí ar thuras timpeall an phálás muid agus ansin thug sí cuireadh dúinn tae a ól léi.

Bhí suim faoi leith ag an mBanríon inár n-eitleán, an Tu-104, a d'iompair ár bpost chugainn. Bhí sé ar cheann de na chéad scairdeitleáin do phaisinéirí ar domhan agus bhíomar ag iarraidh go mbeadh ár n-óstaiugh ar an eolas faoi.

1. Cé a bhí ina Phríomh-Aire ar an mBreatain ag an am seo?
2. Cad iad na coinníollacha faoina raibh na Rúisigh sásta bualadh leis an mBanríon?
3. Conas a chuir an Bhanríon cóir ar a cuid aíonna?
4. Cén fáth a raibh na Rúisigh bródúil as an Tu-104?
5. Cad atá i gceist le dí-Stailíniú?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cúnamh Marshall.
2. Jean Monnet.
3. Géarchéim na hOla, 1973.
4. Margaret Thatcher.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar tharla Éirí Amach san Ungáir i 1956 agus cén toradh a bhí air?
2. Cén tábhacht a bhain leis an Dara Comhairle Vatacánach don Eaglais Chaitliceach?
3. Cad iad na bealaí inar athraigh Mikhail Gorbachev gnóthaí intíre agus/nó gnóthaí eachtracha an Aontais Shóivéadaigh?
4. Conas a chuir Alexander Solzhenitsyn agus/nó Simone de Beauvoir leis an litríocht agus leis an gcritic shóisialta, Thoir agus Thiar?

An Eoraip agus an domhan móir: Topaic 5
Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Tugann an sliocht coimirthe seo cuntas ar an streachailt ar son neamhspleáchas na hAilgéire ón bhFrainc. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Bhí breis milliún lonnaitheoir Francach, ar a dtugtaí ‘colons’, ina gcónai san Ailgéir.

I 1954 thosaigh grúpa mileatach náisiúnach darbh ainm an Fronta Saoirse Náisiúnta (FLN), faoi cheannas Ben Bella, cogadh guairilleach. Mar fhreagairt air sin, chuir na Francaigh trúpaí breise chun na tíre agus faoin mbliain 1960 bhí 700,000 dá gcuid trúpaí i mbun cogaochta i gcoinne an FLN. Bhí faitíos ar rialtas na Fraince i bPáras smaoineamh ar neamhspleáchas a thabhairt don Ailgéir mar go mbeadh fearg ar an milliún lonnaitheoir agus ar a lucht tacáiochta sa Fhrainc.

De bhri nach raibh na Francaigh ar fad ar aon intinn faoin gceist, d’eiligh móran acu go dtabharfaí ar ais an Ginearál de Gaulle chun dul i gceannas ar rialtas nua. I mí na Nollag 1958 toghadh de Gaulle mar Uachtarán na Fraince. Ba ghearr gur thuig an tUachtarán de Gaulle nach bhféadfáí bua mileata a bhaint amach.

I ndiaidh cainteanna siochána, comhaontaíodh go mbainfeadh an Ailgéir neamhspleáchas amach i mí Iúil 1962.

Foinse: Norman Lowe, *Mastering Modern World History* (Londain: Macmillan Press, Ltd., 1997).

1. Cérbh iad na *colons* san Ailgéir?
2. Cé a bhí i gceannas ar an bhFronta Saoirse Náisiúnta (FLN) san Ailgéir?
3. Cén fáth a raibh faitíos ar an rialtas i bPáras smaoineamh ar neamhspleáchas a thabhairt don Ailgéir?
4. Cad a thuig de Gaulle nuair a tháinig sé i gcumhacht sa Fhrainc?
5. Cén chríoch san Áise ar aistarraing an Fhrainc aisti sna 1950idí?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** diobh seo a leanas:

1. David Ben-Gurion.
2. Julius Nyerere agus polasaí ujamaa.
3. Géarchéim Shuais (Suez), 1956.
4. Conas a rinneadh sochaí ilchiníoch den Bhreatain.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** diobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar aistarraing an Bhreatain ón India agus cén tionchar a bhí aige sin ar an India?
2. Cén fáth ar scar Katanga leis an gCongó agus cén fáth ar chuir eachtrannaigh a ladar sa scéal, 1960-1965?
3. Cad iad na fadhbanna coitianta a bhí roimh oibrithe forbartha san Afraic?
4. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhí i Ho Chi Minh agus/nó Achmad Sukarno mar cheannairí?

An Eoraip agus an domhan móir: Topaic 6
Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989

A (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Sa sliocht coimirthe seo, cuimhníonn Lara Marlowe (*Irish Times*, 24/10/2012) ar fhreagairt a teaghlaigh do Ghéarchéim na nDiúracán i gCúba, Deireadh Fómhair 1962. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Lorgaíomar treoracha ón Oifig Cosanta Sibhialta áitiúil faoin gcaoi le teacht slán ó ionsai diúracán. D'ordaigh Mam scáthlán miotail réamhdhéanta a íslíodh isteach i bpoll inár ngairdín cúil. Bhí staighre ag dul síos chuig an mbuncar, ina raibh stoc de bhuidéil uisce agus de bhia stánaithe.

D'fhág bás m'athar agus an chaint faoi thinneas radaíochta a lorg ar m'óige agus an mothúchán go raibh an anachain ag bagairt.

1. Cén chomhairle a lorg teaghlaigh an scríbhneora?
2. Ar thóg an teaghlaigh a scáthlán féin? Mínigh do fhreagra go hachomair.
3. Cén stoc a bhí sa scáthlán?
4. Cad iad na nithe a bhí ag déanamh imní don scríbhneoir le linn a hóige?
5. Conas a tháinig deireadh le Géarchéim na nDiúracán i gCúba?

B (30 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Borradh eacnamaíochta SAM, 1945-1968.
2. Bochtaineacht uirbeach, drugaí agus coireacht.
3. Betty Friedan.
4. SAM ag tarraingt siar as Vítneam.

C (40 marc)
An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na fadhbanna a bhí roimh Harry Truman, 1945-1953, agus conas a chuaigh sé i ngleic leo?
2. Cad a chuir baghcat bus Montgomery (1956) le gluaiseacht na gCeart Sibhialta?
3. Conas a d'éirigh le SAM turirlingt ar an ngealach i 1969 agus cén tábhacht a bhain léi?
4. Cad iad na bealaí inar chuir Billy Graham creideamh chun cinn i Meiriceá na linne seo?

Y



Leathanach Bán